



2026/1532

23.7.2026

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 155/2026

an 30 Aibreán 2026

lena leasaítear Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/1532]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2021/1901 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 18of (Rialachán (AE) 2022/2294 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'18og. **32021 R 1901:** Rialachán (AE) 2021/1901 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le caiteachas ar chúram sláinte agus maoiniú cúraim sláinte (IO L 387, 3.11.2021, lch. 110).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá an Rialachán oiriúnaithe mar a leanas:

Cuirtear an mhír seo a leanas isteach in Airteagal 3:

"Tá Lichtinstéin díolmhaithe ó na sraitheanna sonraí seo a leanas a sholáthar ar leithligh: cúram leigheasach lae (HC.1.2) agus cúram athshlánúcháin lae (HC.2.2) agus cúram fadtéarmach othar lae (HC.3.2). Cuimsítear cúram leigheasach lae (HC.1.2) i gcúram leigheasach othar seachtrach (HC.1.3), cuimsítear cúram athshlánúcháin lae (HC.2.2) i gcúram athshlánúcháin othar seachtrach (HC.2.3) agus cuimsítear cúram fadtéarmach othar lae (HC.3.2) i gcúram fadtéarmach othar seachtrach (HC.3.3). Tá Lichtinstéin díolmhaithe ó shraith sonraí HF.2.3 (Scéimeanna maoinithe fiontar) a sholáthar."

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2021/1901 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

⁽¹⁾ IO L 387, 3.11.2021, lch. 110.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2026.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Nicolas VON LINGEN
